2 Meitheamh 2020

San eagrán seo:

- Focal Fáilte
- An bhfuil tú cláraithe dár seimineáir ar an disléicse?
- Seisiún eolais ar Clicker
- Acmhainní Gaeilge le tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- ABAIR: acmhainní teicneolaíochta don Ghaeilge
- Acmhainní le cabhrú le cúrsaí teanga agus litearthachta (fónaic ina measc)
- Acmhainní don bhfolláine agus aireachas
- Forbairt Scileanna Cumarsáide agus Scileanna don bhFoghlaim Fad Saoil
- Mata agus Uimhearthacht
- Breis acmhainní agus treoirlínte ón CNOS
- Agus rud amháin eile!

Focal Fáilte

Tá súil againn go bhfuil sibh ar fad go maith ag an tréimhse aisteach seo agus ag súil le briseadh an tsamhraidh. Tá go leor rudaí dearfacha ar siúl ag Gaeloideachas sa réimse riachtanais speisialta oideachais i lathair na huaire gur mhaith linn a roinnt libh. Ina measc, tá **bileog úr nua ar an disléisce le seoladh** againn**, ceardlanna ar an disléice an tseachtain seo** agus **comhdháil lae beartaithe don earrach** (11 Feabhra) dírithe ar fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí. Is féidir tuilleadh a léamh faoi na nithe sin thíos, mar aon le blaiseadh a fháil ar roinnt de na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil le tacú le páistí a bhfuil riachtanais bhreise nó difríochtaí foghlama acu sa suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

An bhfuil tú cláraithe dár seimineáir ar an disléicse?

oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta amárach nó Déardaoin

An bhfuil tú cláraithe dár seimineáir ar an disléicse a bheas ag tarlú **amárach an 3ú agus an 4ú Meitheamh ag a 19.00**? Beidh painéal tuismitheoirí, múinteoirí agus taighdeoirí ann ar an dá oíche lena gcuid saineolais agus taighde, taithí, comhairle phraiticiúil agus cleachtais éagsúla a roinnt.

Roinnfidh **an Dr Sinéad Nic Aindriú** an taighde is deireanaí sa réimse seo maidir le feiliúnacht an chórais lán-Ghaeilge do dhaltaí a bhfuil disléicse acu mar aon le buntáistí féideartha an chórais. Pléifear freisin roinnt de na tacaíochtaí agus acmhainní atá ar fáil le cabhrú le daltaí sa bhaile.

Seolfaidh **an tOllamh Pádraig Ó Duibhir** bileog úr nua atá forbartha ag Gaeloideachas i gcomhpháirt le Cumann Disléicse na hÉireann ag tús na n-ócáidí seo freisin.

An bhfuil ceisteanna agat maidir leis an disléicse i gcoitinne nó oiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do pháistí a bhfuil disléicse orthu? Ar mhaith leat breis a fhoghlaim faoi eispéiris tuismitheoirí eile nó tuiscint a bheith agat ar straitéisí chun cabhrú le do pháiste sa bhaile? Bí linn ar Zoom chun breis a fhoghlaim.

Caithfear clárú do do rogha imeachta **roimh mheánlae amárach** ag úsáid an nasc thíos. Déan cinnte go bhfuil an t-eolas seo scaipte ar na tuismitheoirí i do scoil. *Tabhair faoi deara go bhfuil spásanna teoranta do na seimineáir seo agus tá an-éileamh orthu!*

Breis eolais agus clárúchán

Tá **Enable Ireland ag eagrú seisiún eolais** saor in aisce ar líne maidir le Clicker a úsáid don scríbhneoireacht Ghaeilge ag deireadh na seachtaine seo ar **5 Meitheamh**.

Is clár tacaíochta don litearthacht é Clicker a cruthaíodh le tacú ag leibhéal na bunscoile ach go háirithe, ach gur féidir é a úsáid sa gcomhthéacs iar-bhunscoile freisin. Is í aidhm an chláir ná tacaíocht a thabhairt i réimse na litearthachta do dhaoine a bhfuil tacaíocht uathu i mbealach fisiciúil (daltaí a mbíonn deacracht acu peann agus páipéar nó méarchlár traidisiúnta a úsáid mar shampla) agus do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu trí thacaíochtaí físiúla agus éisteachta a chur ar fáil. Cé gur cruthaíodh an clár leis an mBéarla i gceist, trí roinnt mionathruithe a dhéanamh, is féidir é a úsáid don Ghaeilge freisin - mar shampla sínte fada a úsáid ar mhéarchláir ar líne. Is féidir Clicker a úsáid le leabhair phearsantaithe a chruthú freisin chun tacú leis an obair scoile nó le húsáid mar leabhair léitheoireachta mhalartacha. Is féidir clárú don seisiún ag an nasc thíos.

Cláraigh anois

Acmhainní le tacú le páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama nó RSO acu

Tá iarracht déanta againn anseo roinnt bheag de na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil don tacaíocht foghlama agus do dhaltaí le riachtanais bhreise nó deacrachtaí foghlama a bhailiú anseo. Tá súil againn gur cúnamh é seo le tacú le daltaí agud iad sa mbaile. Má tá aon acmhainní eile a úsáideann sibhse, ba

ar fáil amach anseo, go háirithe le breis acmhainní sonracha do naíonraí agus don iar-bhunleibhéal ann. Is féidir ríomhphost a chur chuig **ciara@gaeloideachas.ie** am ar bith leis an eolas seo a roinnt. Is iad na príomhrudaí a bheadh cabhrach do mhúinteoirí eile ná bileoga oibre, teimpléid agus acmhainní praiticiúla.
Ní neart go cur le chéile!

Roinn acmhainní linn

ABAIR: acmhainní teicneolaíochta don Ghaeilge

ABAIR.ie: teicneolaíocht urlabhra a chabhróidh le páistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge.

Tá go leor oibre ar siúl ag foireann ABAIR ar acmhainní a bhféadfaí a úsáid le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí radhairc nó deacrachtaí litearthachta (m.sh. disléicse) nó riachtanais speisialta oideachais acu. Tá muid an-bhuíoch den Dr Neasa Ní Chiaráin ón tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra i gColáiste na Tríonóide as an eolas an-úsáideach seo a roinnt linn. Faigh amach faoi ghuthanna sintéiseacha ABAIR, aip ABAIR.ie, léitheoir scáileáin, léitheoir Gréasáin, agus cluichí idirghníomhacha thíos.
Guthanna sintéiseacha ABAIR

- córas téacs-go-hurlabhra ar an suíomh Gréasáin: **www.abair.ie**
- an focal scríofa go caint bheo!
    - léann an guth gach focal scríofa amach os ard i do rogha canúna: *Gaeilge Ghaobh Dobhair, Chonamara nó Chorca Dhuibhne*
- ríthábhachtach go mbíonn fáil ag páistí ar chainteoirí dúchais agus iad ag foghlaim na teanga le cinntiú go mbeidh ‘múnla dúchasach’ acu

- Tá forbairt déanta anois ar an gcéad leagan d'aip ABAIR.ie (d'ardáin Android). Is féidir d'fhón nó do tháibléad Android a úsáid le haon téacs as Gaeilge a léamh os ard.
- Thar a bheith úsáideach: is féidir an aip a úsáid leis féin (i.e. do théacs féin a chló/a chóipeáil isteach) nó is féidir téacs ó shuíomhanna eile a léamh (i.e. agus tú ar shuíomh eile is féidir an téacs ba mhaith leat a léamh os ard a roghnú, an cnaipe 'Roinn' ('*Share*') a roghnú, agus aip ABAIR.ie a roghnú ón liosta). Léifear amach an sliocht a d'aibhsigh tú in aip ABAIR.ie ansin. Is le guth Chonamara atá sé ag obair anois ach cuirfear na guthanna eile leis go luath.
- Ar fáil ag: https://play.google.com/store/apps/details?id=com.abair.synthesizer (nó déan cuardach ar 'ABAIR.ie' sa Play Store)

Léitheoir Scáileáin: (breiseán don léitheoir scáileáin NVDA)

- Is léitheoir scáileáin saor in aisce é NVDA d'fheimhchláir Windows atá éasca le suiteáil. Uair amháin a bhíonn sé ar do ríomhaire léann na guthanna sintéiseacha gach focal ar an scáileáin amach os ard
- Rinneadh forbairt ar an mbreiseán Gaeilge i gcomhpháirt le húsáideoirí gan radharc na súl

Léitheoir Gréasáin:

- Seirbhís ar líne a chuireann téacs-go-hurlabhra as Gaeilge ar fáil do shuíomh idirlín ar bith

- Braitheann go leor daoine ar an teicneolaíocht seo le teacht ar an ábhar atá scríofa ar líne, go háirithe daoine le fadhbanna litearthachta nó le fadhbanna radhairc
- Is féidir le cruthaitheoirí an tsuímh nasc beag a chur isteach sa chód ionas go mbeidh teacht ag gach duine a thugann cuairt ar an suíomh ar leagan inrochtana
- Creidimid go bhfuil gá leis seo ar na suíomhanna Gréasáin Gaeilge ar fad, agus go háirithe suíomhanna oifigiúla de chuid an Rialtais, ionas go mbeidh teacht ag gach uile bhall den phobal orthu.

Tuilleadh eolais faoi na léitheoirí ag: https://www.abair.tcd.ie/ga/rochtain/

Cluichí agus Ardáin Idirghníomhacha:

- Tá forbairt á déanamh ar acmhainní oideachasúla ag gach leibhéal. Faoi láthair tá teacht ar ardán nua darbh ainm *An Scéalaí.* Tá cluichí eile do

An Scéalaí

- Is ardán idirghníomhach é An Scéalaí atá ar fáil do mhúinteoirí is d'fhoghlaimeoirí chun scileanna litearthachta a thabhairt chun cinn agus foghlaim neamhspleách a chothú. Is féidir le daoine síniú isteach sa chóras agus a scéal féin a chumadh. Is féidir éisteacht siar leis ag úsáid na guthanna sintéiseacha agus seiceálaí gramadaí a úsáid chun féincheartúchán a dhéanamh. (Cruthaigh do chuntas féin ag: https://www.abair.tcd.ie/scealai)

Aithint Cainte:

- Tá foireann ABAIR.ie anois ag díriú ar acmhainní aitheanta cainte a chruthú le bheith ábalta dul ón urlabhra -> téacs!
- Beidh siad seo an-tábhachtach amach anseo, go háirithe dóibh siúd le riachtanais speisialta oideachais
    - smaoinigh ar ghníomhachtú gutha (bheith ábalta rudaí a chur ag obair ag úsáid do ghuth) & gléasanna eile cosúil le Siri amach anseo
- An maith leat léamh os ard?
    - Feachtas ***Míle Glór***: tá cabhair uainn samplaí de ghuthanna a bhailiú (gach aois, gach canúint, gach leibhéal Gaeilge)
    - téigh go https://www.abair.tcd.ie/studio/ga/recorder agus déan taifeadadh!

Tabhair cuairt ar Abair.ie

(fónaic ina measc)

Acmhainní ó Breacadh/Mar a Déarfá!
Tá go leor acmhainní úsáideacha ar fáil ó Breacadh a bhféadfaí a úsáid sa seomra ranga lán-Ghaeilge agus Gaeltachta le tacú le daltaí. Ina measc, tá na hacmhainní luachmhara atá ar fáil mar chuid den chlár *Mar a Déarfá!* Seo blaiseadh beag de roinnt de na hacmhainní atá ar fáil:

'Focla Místuama' i nGaeilge Chonnacht - na focla a mbaintear úsáid astu go síoraí seasta sa gcaint agus sa scríobh ach amháin nach leanann siad aon phatrún rialta maidir lena litriú!

'Focla Ciotacha' i nGaeilge Uladh – na focla sin a mbaintear úsáid astu go mion minic sa chaint agus sa scríobh ach nach leanann patrúin rialta litrithe!

'Focail Chiotrúnta' i nGaelainn na Mumhan – sin iad na focail a mbaintear úsáid astu go mion minic sa chaint agus sa scríobh ach ná leanann patrúin rialta litrithe!

Físeán de phríomhfhuaimeanna na Gaeilge i gcanúint Chonnacht

Seo físeán de phríomhfhuaimeanna na Gaeilge i gcanúint Chonnacht, má theastaíonn uaibh cleachtadh a dhéanamh orthu le bhur gcuid daltaí. Is féidir cártaí láimhe de na fuaimeanna a íoslódáil in aisce freisin chomh maith le liosta focla leis na fuaimeanna/litriú cuí a léamh agus a chloisteáil

Físeán de phríomhfhuaimeanna na Gaelainne i gcanúint na Mumhan

Físeán de phríomhfhuaimeanna na Gaeilge i gcanúint Uladh

Áiseanna Urlabhara agus Teanga ó Activate Speech
Tá réimse leathan acmhainní teanga agus urlabhra agus acmhainní don tacaíocht foghlama ar fáil le ceannach ó Activate Speech. Ina measc, tá pacáistí de chártaí pictiúrtha, gníomhaíochta teanga, cluichí Lattó, leabhair agus póstaeir.

An Clár Luathléitheoireachta (Cleite)

Tá an clár seo lán le hacmhainní iontacha le cabhrú leis an luathléitheoireacht. Ina measc, tá:

- Cluichí do pháistí (réimse gníomhaíochtaí ar líne a bhfuil fuaim leo agus atá bunaithe ar na leabhair léitheoireachta)
- Áiseanna don mhúinteoir

- Póstaeir (leagan PDF de na póstaeir a dearadh le tacú leis an chlár

Is féidir na leabhair léitheoireachta féin a cheannach ón Áisaonad.

Cluichí Bhanda 1
Cluichí Bhanda 2
Cluicí Bhanda 3
Eolas agus acmhainní do Mhúinteoirí

Spraoi le Cluichí (Lámh Chúnta)
Pacáiste de 10 gcluiche éagsúla gur féidir a úsáid le foclóir agus frásaí a threisiú. Díríonn roinnt de na cluichí ar bhotúin choitianta a dhéantar sa Ghaeilge. Tá an acmhainn seo oiriúnach do nach mór gach rang suas go rang a 6.

Litriú abú (Lámh Chúnta)
Seo scéim de sé leabhair A-F lán de ghníomhaíochta éagsúla bunaithe ar liosta focal atá le foghlaim. Tá na focail roghnaithe de réir fónaice. Tá meascán de ghníomhaíochta ann ar nós, cuardach focal, malairtí, ag meaitseáil siollaí, líon na bearnaí, cosúlachtaí srl. Chabhródh na leabhair seo go mór le saibhreas teanga na bpáistí. Tá abairtí deachtaithe le déanamh chomh maith.

Forbairt na Litearthachta agus straitéisí luath-idirghabhála i nGaelscoileanna (CCEA)
Tá an acmhainn seo lán le smaointe praiticiúla, cluichí agus gníomhaíochtaí le tacú le forbairt na litearthachta.

Snas ar Scéal (CCEA)
Is acmhainn í seo gur féidir a úsáid le cuidiú le scileanna scríbhneoireachta páistí a fhorbairt. Is é is aidhm don acmhainn ná páistí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar roghanna eile agus ar bhealaí eile lena gcuid smaointe a chur in iúl agus iad i mbun scríbhneoireachta. Tá idir áiseanna clóite agus chluichí idirghníomhacha ar fáil ar an suíomh.

Féasta Focal (CCEA)
Díríonn Féasta Focal ar an gcéad 200 focal ardmhinicíochta sa Ghaeilge i léitheoireacht pháistí ag leibhéal na bunscolaíochta. Tá tábhacht nach beag ag baint leis na focail seo cionn is gurb iad is minice a thagann aníos i mbunús na dtéacsanna léitheoireachta ach go mbíonn deacrachtaí ag roinnt páistí le cuid acu. Cuideoidh *Féasta Focal* leis na páistí sin na focail a aithint agus a úsáid trí na cleachtaí agus na cluichí san acmhainn agus iad ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí. Tá cluichí, crosfhocail, cártaí focal, spléach-chártaí, curdach focal agus go leor eile ar fáil.

Fónaic na Gaeilge (an tÁisaonad)

www.aisaonad.org - áit a bhfuil ceachtanna samplacha, liostaí focal, cluichí, sleachta léitheoireachta agus eile.

Frámaí Scríbhneoireachta (an tÁisaonad)
Forbraíobh úsáid frámaí scríbhneoireachta mar thacaíocht do scríbhneoireacht neamhfhicsin pháistí. Tá scríbhneoireacht neamhfhicsin níos deacra ag páistí áirithe mar gheall ar easpa taithí léitheoireachta den chineál seo agus mar gheall ar easpa foclóra den réimse seo.

Cuireann fráma scríbhneoireachta ar fáil –

- creatlach do dhréacht scríbhneoireachta nó sraith léideanna leis an scríbhneoireacht a shíneadh.
- nascanna a chuidíonn leis na páistí bogadh ó thús go lár go deireadh.
- breathnú ar an tasc ina iomlán.

Cur chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta
Is í an aidhm is mó leis an treoir cabhrú le múinteoirí cur chuige cothromaithe a phleanáil agus a chur i gcrích sna luathbhlianta, trí eolas ar chuir chuige teagaisc agus ar dhea-chleachtais teagaisc ar bhonn fianaise a chur ar fáil dóibh. Tá físeáin ghearra san áireamh a taifeadadh i scoileanna Gaeltachta éagsúla agus a léiríonn an dea-chleachtas in úsáid sa seomra ranga, leis an litríocht taighde mar thacaíocht
Buneolas
Físeáin

Acmhainní Fónaice Muintearas
Tá leabhair agus leabhair shaothair ar fáil ó *Muintearas* a dhíríonn ar chúrsaí fónaice. Is féidir iad a ordú óna suíomh.

Cód na Gaeilge (CCEA)
Seo clár nua fónaice a thógann ar an gclár *Fónaic na Gaeilge*. Tá gníomhaíochtaí cuí ann do gach bliainghrúpa sa chlár – idir ghníomhaíochtaí fisiciúla agus ghníomhaíochtaí 'peann agus páipéar'. Tá leagan ar leith ann do mhúinteoirí, chomh maith le leabhair shaothair do na daltaí.

Beatha le Bua (CCEA)
Is sraith de bheathaisnéisí gairide ar dhaoine cáiliúla an domhain í seo ina bhfuil béim ar leith ar laochra na hÉireann. Scríobhadh iad le daltaí a spreagadh le bheith ag léamh go neamhspleách. Tá breis agus 80 leabhrán sa tsraith anois chomh maith le roinnt leabhair shaothair. I measc na mbeathaisnéisí, tá: Michelle Obama, Conor Mc Gregor, Lionel Messi agus Saoirse Ronan.

cruthaitheach sa suíomh lán-Ghaeilge le tógáil ar go leor scileanna tábhachtacha - scileanna litearthachta, cumarsáide, éisteachta, foclóra agus neart eile. Seo roinnt naisc le leabhair éagsúla molta iontu - b'fhiú siúl a chaitheamh orthu.
https://www.dyslexicadvantage.org/read-wordless-picture-book/
https://www.readingrockets.org/booklists/our-favorite-wordless-picture-books
https://loveparenting.ie/wordlessbooks/

Acmhainní Sonracha don Iar-bhunleibhéal

Tá go leor acmhainní a bhféadfaí a úsáid ag leibhéal na hiar-bhunscoile scaipthe tríd an nuachtlitir anseo, seo cúpla rud breise, áfach, a bhféadfadh bheith úsáideach daoibh.

Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna ón Roinn Oideachais agus Scileanna
Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

An Eolaíocht Laethúil (CNCM & SSM)
Acmhainn a bhaineann le heolaíocht na Sráithe Sóisearaí

Tá roinnt acmhainní i nGaeilge ar fáil ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus tá tuilleadh le teacht go luath. An bhfuil siad feicthe agat?

Ceardlanna FGL
Acmhainní pleanála

Acmhainní don bhfolláine agus aireachas

aireachas a chothú i measc na ndaltaí.

Treoir ón Roinn Oideachais agus Scileanna/An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais do thuismitheoirí maidir le tacú le leanaí agus le daoine óga lena ngnáthaimh laethúla agus na scoileanna dúnta

Ionsamhluithe ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
Ag éisteacht leis an ngaoth
Teach na gCruthanna
Marcaíocht ar Bhalún Aer Te
M'Inchinn

Éist leis an Spéir
Is leabhar é seo a chabhraíonn le páistí bheith ar a suaimhneas faoi threoir.

Cleachtaí Suaimhnis ó Ospidéal Beaumont

Samhlú
Uaireanta, nuair a bhíonn ár n-intinn an-ghníomhach agus imní orainn faoi rudaí éagsúla, bíonn sé ina chabhair dúinn briseadh a ghlacadh agus radharc suaimhneach a shamhlú. Trí áit a thugann síocháin agus sábháilteacht dúinn a shamhlú, is féidir linn an chaoi a bhfuilimid ag mothú a athrú agus suaimhneas a bhaint amach dúinn féin.
Samhlú (18 nóim)

Análú Suaimhnis
Bealach maith chun do thraenáil um shuaimhneas a thosú is ea foghlaim conas análú go mall agus go hiomlán. Tóg go deas réidh é nuair atá tú ag foghlaim—ní éiríonn le duine ar bith an chéad uair. Bí ag cleachtadh le 3-4 anáil cúpla uair sa lá don toradh is fearr.
Análú Suaimhnis (5 nóim)

Scaoileadh Forchéimnitheach Matán
Iarrann an cleachtadh seo ort dul trí do chorp ag teannadh do chuid matán go mall agus ansin á scaoileadh. Tá fianaise mhaith ó thaighde go múineann sé do dhaoine cén chaoi leis na héifeachtaí a bhíonn ag strus ar an gcorp a choinneáil faoi smacht agus leis an difríocht idir matán teann agus matán scaoilte a thabhairt faoi deara. Tá dhá rogha againn, ceann le ceol agus ceann gan cheol. Déan an cleachtadh seo uair in aghaidh an lae don toradh is fearr.
Scaoileadh Forcheimnitheach Matan (15 nóim)

CLEACHTAÍ AIREACHAIS

mhothaímid inár gcolainn, gan aon bhreithiúnás ná imní a dhéanamh. Treoraíonn an cleachadh seo tríd an gcorp ar fad sinn, ag cabhrú linn nithe atá ann cheana féin a thabhairt faoi deara.
Scanadh Coirp (32 min)

Forbairt Scileanna Cumarsáide agus Scileanna don bhFoghlaim Fad Saoil

Seo roinnt acmhainní le cabhrú le forbairt scileanna éagsúla saoil agus cumarsáide.

Leideanna amhairc (CCEA)
Tá leideanna amhairc ar fáil anseo le cabhrú leis an gcumarsáid. Is féidir iad a úsáid le treoracha agus iompar dearfach a threisiú.

Cártaí mothúcháin (CCEA)
Is féidir le daltaí na cártaí seo a úsáid le mothúcháin a chur in iúl gan fhocail a úsáid.

Ná Stop an Chaint (Lámh Chúnta)
10 gcluiche cumarsáide atá sa chluiche 'Ná Stop an Chaint'. Sna cluichí úsáidtear na feidhmeanna teanga: caidreamh sóisialta a dhéanamh, soiléiriú a lorg i gcomhrá, dul i gcion ar dhuine, dearcadh a léiriú agus a lorg, eolas a thabhairt agus a lorg, struchtúr a chur ar chomhrá.

Tasks Galore (Outside the Box)
Cé go bhful an acmhainn seo i mBéarla, mhol scoil go mór é. Is féidir é a chur in oiriúint don suíomh lán-Ghaeilge le húsáid leis na páistí. Tá go leor roghanna éagsúla ar fáil ag brath ar aois na bpáistí agus leibhéal. Tá acmhainní ar nós

Ideas For Supporting Pupils With ADHD, 101 Games For Social Skills agus neart eile.

ColorCards (Outside the Box)
Tá réimse leathan cártaí ar fáil sa tsraith seo le gníomhaíochtaí agus scileanna éagsúla a chleachtadh. Ina measc, tá na cinn seo: ColorCards: Pairs Plus, Colorcards: Emotions, ColorCards: Everyday Objects.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta SRO (CCEA)
Róil Éagsúla
Fiosróidh na foghlaimeoirí na bealaí a ndéanann daoine cumarsáid i bpoist éagsúla agus déanfaidh siad machnamh ar bhealaí cuí le cumarsáid a dhéanamh.

Scéalta Mothúcháin
Beidh taithí ag na foghlaimeoirí ar mhothúcháin a phlé agus beidh siad ábalta mothúcháin éagsúla a ainmniú mar is cuí. Éistfidh siad le sliocht as scéal agus socróidh siad ar cén dóigh a mothaíonn an carachtar ag am ar leith.

Bia a Shórtáil
Beidh taithí ag na foghlaimeoirí ar ghrúpaí bia agus tuiscint acu ar na catagóirí ina bhfuil bianna éagsúla. Bainfidh siad úsáid as an tuiscint seo leis na pictiúir de bhia a rangú agus a shórtáil.

Póstaeir a Dhéanamh
Beidh na foghlaimeoirí: • ag obair mar chuid d’fhoireann; • ag glacadh róil orthu féin; • ag roghnú eolas cuí; agus • ag léiriú go bhfuil tuiscint acu ar an lucht léitheoireachta

Turas Lae
Socróidh na foghlaimeoirí ar cad a bheidh de dhíth orthu le dul ar thuras scoile. Thiocfadh leat an ghníomhaíocht seo a dhéanamh roimh thuras scoile nó roimh thuras ranga, le go mbeidh comhthéacs réalaíoch ann do na foghlaimeoirí.

Turais Siopadóireachta
Déanfaidh na foghlaimeoirí turas siopadóireachta a phleanáil, agus iad ag díriú ar na rudaí a bheidh le tabhairt leo agus ar na rudaí a dhéanfaidh siad agus iad ar an turas.

Oideachas le haghaidh Infhostaitheachta (CCEA)
Is áis í seo d'fhoghlaimeoirí a bhfuil meándeacrachtaí foghlama acu. Tá idir threoir do mhúinteoirí agus ghníomhaíochtaí do dhaltaí ann. Cuireann an áis leis na riachtanais reachtúla d'Oideachas le haghaidh infhostaitheachta.

Speisialta agus iad ag cur le líon na n-acmhainní Gaeilge atá ar fáil i láthair na huaire. Seo samplaí de na hábhair atá ar fáil. Tá leagan Béarla ar fail freisin má tá scoileanna ag plé le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu. Ba cheart go mbeidh breis acmhainní ar shuíomh an CNOS go han-luath.

Acmhainní a bhaineann leis an gCócaireáil

- Bácáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu
- Sábháilteacht sa Chistin
- Oibreáin Ardaithe

Gníomhaíochtaí bunaithe ar an nGarraíodóireacht

- Garraíodóireacht: Ceird le haghaidh Foghlama, Forbartha & Samhlaíochta
- Garraíodóireacht do dhaltaí bodhra / a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu
- An aip “Our Story” a úsáid chun Tacú le Foghlaim sa Bhaile le Garraíodóireacht
- Tóraíocht Taisce sa Ghairdín
- Gníomhaíocht Sórtála bunaithe ar phlandaí agus bhláthanna
- Garraíodóireacht: Pointí machnaimh do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Choimpléascacha acu
- Clocha a Phéinteáil

Scileanna Staidéir agus Foghlama: Straitéisí le go nÉireoidh Leat

Ullmhúchán Staidéir agus Tástála FP LTAAD

Mata agus Uimhearthacht

doimhne a fháil ar choincheapa mata agus uimhearthachta ag leibhéal na bunscoile: Polydrons, Stile Trays, Matchmatics, Smart Chute, díslí, dúradáin, siopadóireacht as paimpfléid, féilirí (cé mhéad lá sa mhí..., cé mhéad Satharn, cén dáta...) (a bhíochas le Deirdre agus Monica i nGaelscoil Mhíchíl Uí Chíosóig as na smaointe praiticúla seo a roinnt ag ceardlanna de chuid Gaeloideachas cheana). Seo cúpla acmhainn úsáideach eile thíos.

Cluichí Mata ón Áisaonad

Cluichí tábla/boird le húsáid le mata phraiticiúil, mata ó mheabhair agus teanga na matamaitice a dhaingniú. Úsáidtear rothlóirí, cártaí, díslí, licíní agus trealamh matamaitice le spriocanna gach cluiche a bhaint amach. Éireoidh páistí níos gasta leis na stráitéisí éagsúla agus níos líofa leis an teanga le cleachtadh leis na cluichí. Tá naisc churaclaim ann i ngach cluiche agus scil nó stráitéis matamaitice le cur i bhfeidhm leis an chluiche a imirt agus a bhaint. Nascadh na cluichí leis na próisis sa mhatamataic, le huimhreas, airgead, cruth agus spás, láimhseáil sonraí, treonna agus tomhais.

An Clog Cainteach

Acmhainn idirghníomhach leis an gclog a mhúineadh agus a chleachtadh.

Réidh, Socair, Déan

Lámhleabhar praiticiúil do mhúinteoirí, gníomhaíochtaí le hábhar máta a bhféadfaí a úsáid le daltaí a bhfuil deacrachtaí acu.

Cúpla suíomh idirlín a mhol scoileanna:

Tabhair faoi deara go bhfuil na treoracha i mBéarla ar roinnt de na suíomhanna seo, ach go bhfuil sé an-éasca ar na múinteoirí iad a chur in oiriúint don suíomh lán-Ghaeilge.

Which One Doesn't Belong?

Suíomh simplí leis an gceann corr a phiocadh amach - ina measc tá pátrúin, cruthanna agus uimhreacha.

NRICH

Suíomh lán le hacmhainní saor in aice chun cur le heispéireas foghlama daltaí i réimse an mhata. Tá acmhainní ann do gach aoisghrúpa ó na luathbhlianta go 18 bliana d'aois.

Hit the Button

Cluiche idirghníomhach le scileanna éagsula mata ó mheabhair a chleachtadh ag leibhéal na bunscoile - táblaí, iolraí, uimhreacha cearnacha, etc.

um Oideachas Speisialta (NCSE)

Acmhainní don eolaíocht

- Ag Foghlaim tríd an Eolaíocht do dhaltaí a bhfuil **Riachtanais Choimpléascacha** acu
- An Litearthacht agus an Eolaíocht sa Bhaile
- An Uimhearthacht agus an Eolaíocht
- Conas Marla a Dhéanamh Duit Féin Sa Bhaile
- An tOighear Fiosaí
- An Eolaíocht Laethúil
- Bain Triail as an Réalteolaíocht!
- Conas Piastlann a Dhéanamh Duit Féin
- Ag Foghlaim tríd an Eolaíocht do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Choimpléascacha acu
- Déanaimis Lampa Laibhe
- Dathanna Draíochta a Ullmhú
- Eolaíocht na Roicéad
- Timthriall An Uisce
- Siúl Tríd an Aer

Eile

- Catagóiriú do dhaltaí a bhfuil **uathachas** orthu
- Leideanna: Scáileán Glas a úsáid do Chianteagasc
- Acmhainní ar líne le tacú le daltaí a bhfuil **deacrachtaí foghlama ginearálta measartha, diana nó troma** acu
- Acmhainní ar líne le tacú le daltaí a bhfuil **míchumas foghlama ginearálta éadrom** acu ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile
- Acmhainní le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile thar raon réimsí curaclaim
- Gníomhaíochtaí agus smaointe d'fhoghlaim sa bhaile do leanaí le **Riachtanais Dhiana agus Throma**
- Aipeanna agus cluichí do Dhaltaí le Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide
- Gníomhaíochtaí agus smaointe maidir le foghlaim sa bhaile do leanaí le Siondróm Down
- **Teiripe Urlabhra agus Teanga** & Teiripe Shaothair Príomhleideanna! Do Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha
- Teiripe Urlabhra agus Teanga & Teiripe Shaothair Príomhleideanna! Do rang a 1 agus rang a 2
- Teiripe Urlabhra agus Teanga & Teiripe Shaothair Príomhleideanna! Do rang a 3 agus rang a 4

- Turais fhíorúla timpeall an domhain (treoracha i nGaeilge, ach an chuid is mó de na turais i mBéarla). Is féidir na hacmhainní seo a úsáid chun tacú le réimse leathan ábhar ón gcuraclam.

agus rud amháin eile...

Tá Gaeloideachas i mbun pleanála do **chomhdháil lae ar RSO** don earrach. Beidh an chomdháil seo ar siúl in **Óstán Pháirc an Mhuilinn gCearr** i mí Feabhra 2021 (**11.02.21)**. Tá muid ag súil go mór le bualadh le roinnt agaibh i bpearsan ansin. Tuilleadh eolais le teacht. Coinnigh siúl ar an nasc thíos d'imeachtaí agus acmhainní a bhaineann le hobair Gaeloideachas sa réimse seo.

Gach Eolas ó Gaeloideachas maidir le RSO

Roinn ar Facebook **Tvuít**

díchláraigh ón liosta seo